



## **A Chathaoirligh agus a Chomhaltaí,**

Fáiltím roimh an deis labhairt leis an gCoiste faoi sholáthar seirbhísí Gaeilge agus dátheangacha i Seirbhís Thithe an Oireachtais, ar bhonn cheistneoir an Choiste a bhí ann le déanaí.

### **An Ceistneoir**

Ar dtús, labhróidh mé go hachomair leis an gCoiste faoin bhfreagra a thug an tSeirbhís ar an gCeistneoir a fuarthas ón gCoiste.

- Cuireann an tSeirbhís doiciméid ar fáil sa dá theanga oifigiúla do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí agus, dar ndóigh, cuirtear Riar na hOibre ar fáil go dátheangach don dá Theach gach lá suí. Is doiciméid dhátheangacha iad Buan-Orduithe Dháil Éireann agus Buan-Orduithe Sheanad Éireann agus leasaítear agus bainistítear na doiciméid sin go dátheangach.
- De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, cuireann an tSeirbhís tiontú oifigiúil ar fáil ar Achtanna an Oireachtais agus foilsíonn iad le haghaidh an phobail. Cuireann an tSeirbhís tiontú oifigiúil ar fáil freisin ar Ionstraimí Reachtúla. Is go dátheangach a fhoilsíonn an tSeirbhís a Tuarascáil Bhliantúil agus doiciméid straitéise agus beartais áirithe. Cuirtear doiciméid faisnéise faoin Oireachtas ar fáil don phobal sa dá theanga oifigiúla. Tá obair ar siúl faoi láthair chun suíomh idirlín na Seirbhíse a fhorbairt agus san áireamh san obair sin beidh cur i láthair dátheangach.
- Tá sé de bheartas ag Seirbhís Thithe an Oireachtais comhfhreagras as Gaeilge ón bpobal a fhreagairt as Gaeilge. Bíonn an chomharthaíocht go léir i gcampas na Seirbhíse dátheangach agus bíonn na fógráin eolais urláir sna hardaitheoirí go hiomlán dátheangach. Ina theannta sin, eisíonn an tSeirbhís na preasráitis a bhaineann leis na Coistí Gaeilge go dátheangach.
- Cuireann an tSeirbhís fáilte roimh dhaoine den phobal a thagann ar cuairt ar Theach Laighean agus tá uiséirí a bhfuil Gaeilge acu ar fáil chun turais sa phríomhtheanga oifigiúil a thabhairt do chuairoteoirí, idir ghrúpaí agus daoine aonair.
- Cuireann an tSeirbhís seirbhís aistriúcháin chomhuainigh ar fáil do Chomhaltaí agus do lucht an phreasa sa Dáil agus sa Seanad agus i gCoistí. Ina theannta sin, mar áis do dhaoine den phobal ar mian leo tuairimí nó eolas a thabhairt as Gaeilge ag cruinnithe de Choistí Oireachtais, agus mar áis do na Comhaltaí Coiste féin, cuirtear seirbhís aistriúcháin chomhuainigh ar fáil sna cásanna sin freisin.
- Cuirtear deiseanna ar fáil do na Comhaltaí agus don fhoireann Gaeilge a fhoghlaim nó cur lena gcumas sa teanga trí cheachtanna a eagrú agus acmhainní a chur ar fáil.

## **Earcaíocht**

Mar eagraíocht de chuid na Státseirbhíse, earcaímid gráid seirbhíse ginearálta trí tharraingt ó phainéil arna mbunú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ina theannta sin, earcaímid daoine go díreach le haghaidh poist speisialtóra, mar shampla aistritheoirí agus tuairisceoirí parlaiminteacha. Ós rud é go bhfuil dhá Choiste anois ann a bhfuil cúraimí orthu maidir leis an nGaeilge sa Dáil agus sa Seanad reatha, tá dhá fhoireann dhátheangacha Coiste againn ar a bhfuil Cléirigh agus Comhairleoirí.

Earcaíonn Seirbhís Thithe an Oireachtais fostaithe a bhfuil scileanna Gaeilge acu le haghaidh roinnt dár gcuid seirbhísí, mar a leanas.

- 1) Tuairisceoirí Parlaiminteacha in Oifig na nDíospóireachtaí chun acmhainn tuairisceoireachta i nGaeilge agus i mBéarla a sholáthar le haghaidh na Tuairisce Oifigiúla do na Tithe agus dá gCoistí.
- 2) Foireann dhátheangach in Oifig na nDíospóireachtaí, áit a n-earcaítear sruthanna speisialta Gaeilge tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun Tuairisc Oifigiúil na dTithe agus a gCoistí a sholáthar.
- 3) Réimsí ar leith ina mbíonn scileanna Gaeilge ag teastáil – Rúnaíocht Choiste na Gaeilge, mar shampla.
- 4) Foireann ginearálta i Seirbhís Thithe an Oireachtais, a bhfuil roinnt oifigeach ar a líon atá dátheangach agus toilteanach seirbhísí a sholáthar don phobal i gcoitinne as Gaeilge.

Faoi láthair, tá 43 oifigeach ar an bhfoireann tar éis a chur in iúl gur féidir leo seirbhísí a thabhairt trí mheán na Gaeilge.

Anuraidh, iarradh ochtar tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun seirbhísí dátheangacha a sholáthar agus earcaíodh seachtar.

Tá sé beartaithe ag an tSeirbhís béim a chur san earcaíocht feasta ar dhóthain oifigeach dátheangach a earcú chun seirbhísí a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúla. Tabharfar tús áite sa straitéis earcaíochta sin do na réimsí ar mó an bhaint a bhíonn acu le seirbhísí a sholáthar do Chomhaltaí agus don phobal.

## **An Scéim Teanga**

Mar chomhlacht poiblí ainmnithe, ní foláir do Sheirbhís Thithe an Oireachtais Scéim Teanga oifigiúil a chur ar fáil de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Sa Scéim Teanga reatha, thug an tSeirbhís na gealltanais seo a leanas.

### **Comhfhreagras**

- Déanfar comhfhreagras a thionscnamh i nGaeilge le daoine nó comhlachtaí arb eol gur fearr leo comhfhreagras as Gaeilge. Ordófar don fhoireann taifead a choimeád ar na daoine nó na comhlachtaí sin d'fhonn an gealltanas seo a chomhlíonadh (ó thosach feidhme na Scéime).
- Úsáidfidh STO logainmneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta, arna ndearbhú ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, i gcumarsáidí leis an bpobal i gcoitinne, ach amháin más rud é go bhféadfadh na logainmneacha sin a bheith éagsúil leis na seoltaí ar chomhfhreagras a bheidh faighte ag STO nó leis na seoltaí sna comhaid (ó thosach feidhme na Scéime).
- Cinnteoidh Aonad Cumarsáide an Oireachtais go mbeidh na litreacha go léir a eisítear chuig scoileanna mar chuid den chlár Cianrochtana ar fáil sa dá theanga oifigiúla (laistigh de shé mhí ó thosach feidhme na Scéime).

### **Stáiseanóireacht**

- Déanfar tagairt shonrach d'fháilte a bheith roimh úsáid na Gaeilge a chur isteach i stáiseanóireacht nua, mar shampla 'Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge' (a luaithe a bheidh stáiseanóireacht nua ag teastáil, deartha agus faighte tar éis thosach feidhme na Scéime).

### **Bileoga Faisnéise/Foirmeacha Iarratais/Póstaeir**

- Beidh sé mar bheartas ginearálta againn aon doiciméid nua den sórt sin a sholáthar i bhformáid dhátheangach faoin gclúdach céanna. Má tharlaíonn sé, ar chúiseanna oibríochtúla, nach féidir na doiciméid sin a chur ar fáil faoin gclúdach céanna, fós cuirfear ar fáil iad go dátheangach. I gcás go ndéantar dhá leagan ar leithligh a sholáthar, cinnteofar go mbeidh fáil ar an leagan Gaeilge chomh héasca leis an leagan Béarla.
- Ina theannta sin, cuirfidh STO tús leis an bpróiseas maidir le gach ábhar den sórt sin atá ann cheana féin, agus a bhfuil úsáid á baint as i gcónaí, a aistriú de réir a chéile, d'fhonn an t-ábhar sin a chur ar fáil i bhformáid dhátheangach. Ar bhonn an cháis, déanfar cinntí i dtaobh an ndéanfar leaganacha dátheangacha de na doiciméid sin a chur ar fáil faoin aon chlúdach amháin (faoi dheireadh bhliain 2 den Scéim).

### **Preaseisiúintí**

- Beidh 5% ar a laghad de phreaseisiúintí nua a eiseofar ar fáil sa dá theanga oifigiúla faoi dheireadh thréimhse na Scéime seo.

### **Fógraí Béil/Cumarsáidí Gutháin leis an bPobal**

- Freagróidh oibritheoirí lasc-chláir STO an guthán trí ainm STO nó an aonaid / na hoifige a lua as Gaeilge agus as Béarla (ó thosach feidhme na Scéime).

- Cinnteofar go mbeidh na bunbheannuithe Gaeilge ar eolas ag na hoibritheoirí lasc-chláir.
- Déanfar liosta de chomhaltaí foirne ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil don fhoireann lasc-chláir (ó thosach feidhme na Scéime).
- Cuirfear socruithe cuí ar bun ionas gur féidir leis an bhfoireann lasc-chláir daoine den phobal i gcoitinne a chur i dteagmháil, gan mhoill, le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá ag teastáil a thairiscint trí mheán na Gaeilge (laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme na Scéime).
- Cuirfear treoir ar fáil don fhoireann maidir le glaonna gutháin a láimhseáil ó chainteoirí Gaeilge i measc an phobail i gcoitinne (laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme na Scéime).
- Beidh na fógraí réamhtháifeadta go léir sna hardaitheoirí dátheangach (laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na Scéime).
- Spreagfar na Comhaltaí agus an fhoireann chun a gcuid teachtaireachtaí gutháin réamhtháifeadta a chur ar fáil go dátheangach (laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na Scéime).
- Beidh na teachtaireachtaí glórphoist go léir ar ghutháin dheasc fiosrúcháin lárnach na Seirbhíse Leabharlainne agus Taighde ar fáil sa dá theanga oifigiúla (laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na Scéime).

### ***Seirbhís Cuntair Dhátheangach***

- Le linn shaolré na scéime seo, déanfar foghlaim na Gaeilge ag an bhfoireann uiséirí a éascú agus é mar aidhm cur lenár gcumas seirbhís cuntair dhátheangach a chur ar fáil.

### ***Láithreán Gréasáin***

- Beidh leagan Gaeilge ann de phríomhcheannteidil na leathanach éagsúil ar an suíomh (laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme na Scéime) agus go mbeidh leagan dátheangach ann den ábhar statach go léir a thaispeántar ar an suíomh (faoi dheireadh na Scéime).

### ***Córais Ríomhaireachta agus Seirbhísí Idirghníomhacha***

- Beidh na córais ríomhaire go léir i STO ábalta go hiomlán an Ghaeilge a láimhseáil; agus
- Déanfar aon seirbhísí idirghníomhacha a bheidh ar fáil amach anseo a thabhairt isteach go comhuaineach sa dá theanga (níl aon seirbhísí idirghníomhacha ar fáil faoi láthair).

### **Comharthaíocht**

- Eiseofar fógra chuig na rannóga go léir i STO á chur in iúl dóibh go gceanglaítear orthu faoin Scéim seo gach comhartha agus fógra atá dírithe ar an bpobal a thaispeáint go dátheangach (láithreach).
- Déanfaidh Aonad Craolacháin an Oireachtais iniúchadh i dtaobh a indéanta a bheadh sé foscúbhinní Gaeilge ar-scáileán a thaispeáint le linn do Choiste éisteacht a sheoladh as Gaeilge (laistigh de na chéad trí mhí den Scéim).

### **Úsáid na Gaeilge a Spreagadh**

- Cuirfear in iúl go sonrath do chuairteoirí, le linn dóibh turas ar Theach Laighean a chur in áirithe, gur féidir an turas a dhéanamh trí Bhéarla nó trí Ghaeilge nó go dátheangach (láithreach).
- Cuirfear litreacha i bhformáid dhátheangach chuig gach meánscoil maidir leis an gClár Cianoideachais ina luafar go sonrath gur féidir an clár a dhéanamh trí Ghaeilge (ar thosach feidhme na Scéime).
- Déanfaidh STO iarracht gníomhaíochtaí trí Ghaeilge a eagrú do Lá na dTeaghlach agus don Oíche Chultúir (roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim).
- Cuirfidh an Rannóg um Sheirbhísí do Chomhaltaí foirmeacha éilimh i nGaeilge ar fáil do Chomhaltaí.

### **Feabhas a chur ar chumas Gaeilge STO**

- Déanfaidh STO iniúchadh chun dáta, d'fhonn na comhaltaí foirne sin ar mian leo baint ghníomhach a bheith acu le seirbhísí a thairiscint trí Ghaeilge, agus a bhfuil an cumas Gaeilge is gá chuige sin acu, a aithint (faoi thosach feidhme na Scéime).
- Cuirfear liostaí de chomhaltaí foirne a bheidh ar fáil chun seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar ar fáil d'oibríteoirí lasc-chláir agus d'fhoireann Fáiltithe STO. Beidh rochtain, freisin, ag comhaltaí foirne STO ar liosta STO (ó thosach feidhme na Scéime). Déanfar iarracht comhaltaí foirne a bhfuil cumas Gaeilge acu a lonnú in áiteanna cuí ar fud STO (faoi dheireadh na Scéime).

### **Oiliúint agus Forbairt**

- Freastalóidh STO ar aon riachtanais oiliúna a aithneofar, laistigh de chomhthéacs Straitéis Oiliúna agus Forbartha STO (faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim).
- Spreagfar an fhoireann chun páirt a ghlacadh in oiliúint sa Ghaeilge (faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim).
- Áireoidh STO feasacht teanga mar chuid den ionduchtúchán agus den oiliúint seirbhíse custaiméara d'fhonn a chinntiú go dtuigfidh an fhoireann (a) an fáth a bhfuil

beartas dátheangach á chur i ngníomh, (b) comhthéacs agus cúlra an bheartais sin, agus (c) an tslí a ndéanfaidh an beartas sin difear dá gcuid oibre (tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis thosach feidhme na Scéime).

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Scéim sin agus Scéim nua á dréachtú againn, is é an cur chuige atá glactha againn, ar an mórgóir – ar bhonn breisitheach céimnithe – dul i dtreo soláthar seirbhíse ar bhonn dátheangach. Tá an comhchomhairliúchán leis an bpobal faoin Scéim nua curtha i gcrích anois agus tá comhchomhairliúchán forleathan á dhéanamh againn le páirtithe leasmhara i gcónaí – áirítear ansin an Ceann Comhairle, an Leas-Cheann Comhairle agus an Leas-Chathaoirleach, an tAire Stáit, Seosamh Mac Aodha, agus urlabhraithe freasúra. Tá an-spéis againn, dar ndóigh, i ndearcadh chomhaltaí an Choiste seo mar pháirtí leasmhar rithábhachtach. Nuair a bheidh deireadh leis an gcomhchomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, cuirfear an dréachtScéim faoi bhráid an Choimisiúin sula gcuirfear faoi bhráid na Roinne í.

### **Faireachán agus Tuairisciú maidir le Comhlíonadh**

Chun go gcomhlíonfaimis ár gcuid oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, is gá faireachán a dhéanamh go leanúnach chun go mbeidh tuiscint ag an bhfoireann i gcónaí ar na hoibleagáidí atá orainn. Mar chuid dár dtiomantas don phróiseas sin, agus mar léiriú ar ár dtiomantas don Scéim, thugamar cuireadh don Choimisinéir Teanga teacht isteach chuig an gCoiste Bainistíochta le déanaí chun eolas a thabhairt don Choiste Bainistíochta maidir lenár gcuid oibleagáidí reachtúla agus comhlíontachta agus chun an réimse freagrachta sin i gcoitinne a phlé linn. Tá sé i gceist againn seisiúin eolais a chur ar siúl le haghaidh na foirne chun an t-eolas atá san eagraíocht i dtaobh an réimse sin a fhorbairt agus a uasmhéadú. Tá sé i gceist againn freisin uasdátuithe a fháil le haghaidh an Bhoird Bainistíochta dhá uair sa bhliain maidir le comhlíonadh na Scéime Teanga ag an tSeirbhís.

### **Uasdátú Ginearálta**

Ba mhaith liom an deis a thapú freisin labhairt go ginearálta le Comhaltaí faoi nithe a bhaineann le soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge laistigh den tSeirbhís.

### **An tAistriúchán Comhuaineach le haghaidh na gCoistí**

Mar is eol daoibh, soláthraíonn Rannóg an Aistriúcháin seirbhís aistriúcháin chomhuainigh (ateangaireacht) do shuíonna dhá Theach an Oireachtais agus do Choistí. Ceann de na cúinsí a chuir srian ar an tseirbhís áirithe sin le blianta beaga anuas is ea nach raibh an tseirbhís ar fáil ach i Seomra Cruinnithe Coiste amháin (Seomra 4). Tar éis don tSeirbhís athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar seo anuraidh, cinneadh an teicneolaíocht don tseirbhís aistriúcháin chomhuainigh a chur i Seomraí Coiste eile. Táthar díreach tar éis an obair sin a chur i gcrích i Seomra Coiste 3, atá ullamh don aistriúchán comhuaineach anois, agus tá obair ar bun faoi láthair chun an tseirbhís a chur ar fáil sa dá Sheomra Cruinnithe Coiste eile.

## **Bliain na Gaeilge – 2018**

Gné rithábhachtach den ghealltanas straitéiseach i leith Oireachtas oscailte inrochtana is ea straitéis a fhorbairt chun tacú le méadú ar úsáid na Gaeilge i dTithe an Oireachtais san am atá amach romhainn. Bhí meitheal oibre inmheánach, agus an Príomh-Aistritheoir ina chathaoirleach uirthi, ag obair i rith na bliana atá caite ar chlár arb é an aidhm atá leis úsáid na Gaeilge i Seirbhís Thithe an Oireachtais a fheabhsú trí raon beart breise a chur i bhfeidhm i dteannta na n-oibleagáidí reachtúla atá orainn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoin Scéim Teanga. Seolfaidh an Ceann Comhairle an clár sin (Straitéis na Gaeilge) sna seachtainí beaga atá amach romhainn.

Seo a leanas na Gníomhartha ar a bhfuil an clár bunaithe.

### ***An dátheangachas maidir le foireann a earcú.***

Táthar ag súil go mbeidh an cur chuige seo ag teacht le héirim Acht nua na dTeangacha Oifigiúla. Cuideoidh sé leis an tSeirbhís ó thaobh seirbhís dhátheangach a chur ar fáil agus cuirfidh sé le líon na gcomhaltaí foirne dátheangacha san Oireachtas.

### ***Leabharlann na Gaeilge.***

Cuideoidh cruthú Leabharlann na Gaeilge leis na Comhaltaí agus leis an bhfoireann feabhas a chur ar a scileanna léitheoireachta agus tabharfaidh sé deis dóibh freisin taitneamh a bhaint as litríocht na Gaeilge.

### ***Seomra na Gaeilge.***

Seomra acmhainní don Ghaeilge a sholáthar ar champas an Oireachtais ina mbeidh teacht ag Comhaltaí agus ag an bhfoireann ar acmhainní Gaeilge agus ina mbeidh siad in ann teacht le chéile chun Gaeilge a labhairt.

### ***Ócáidí Sóisialta i nGaeilge.***

Déanfar clár ócáidí sóisialta i nGaeilge a eagrú do Chomhaltaí agus don fhoireann. Cuirfear an bhéim go príomha sna himeachtaí sin ar ócáidí dátheangacha agus ar ócáidí dóibh siúd nach bhfuil acu ach ‘an cúpla focal’.

### ***Nasc leis an Raidió.***

Déanfar socrú maidir le nasc a dhéanamh le stáisiúin raidió Ghaeilge. Beidh san áireamh ansin craoltaí ón Oireachtas a mbeidh Comhaltaí agus an fhoireann páirteach iontu.

### ***Comóradh 1918-1919.***

Déanfar ócáidí i nGaeilge a eagrú mar chuid den chomóradh ar Cheart Vótála na mBan agus ar an gCéad Dáil.

### ***Gluais na mBillí.***

Cuirfear gluais téarmaíochta Gaeilge ar fáil le haghaidh Billí mar chuid den *Bills Digest*. Cuideoidh an ghluais sin le Teachtaí agus Seanadóirí Billí a phlé trí mheán na Gaeilge sna Tithe.



Táimid muiníneach go mbeidh toradh maith ar an tionscnamh breise seo atá á chur chun cinn ag an tSeirbhís.

## **An Caighdeán Oifigiúil**

Mar is eol do na comhaltaí, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an gCaighdeán Oifigiúil agus foilsíodh é sa bhliain 2016 de réir na n-oibleagáidí reachtúla atá orainn faoi na hAchtanna um Choimisiún Thithe an Oireachtais. Cuireadh i gcló arís é anuraidh. Le linn an próiseas athbhreithnithe a chur i gcrích, fuarthas ionchur ó shaineolaithe seachtracha de réir na nAchtanna agus cuireadh an-fháilte roimh an gCaighdeán athbhreithnithe. Tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil treoirleabhar gramadaí chomh tábhachtach sin ar fáil agus é cothrom le dáta. I mí na Nollag, 2016, bhronn an suíomh nuachta [www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie) an gradam “Leabhar na Bliana” ar an gCaighdeán Oifigiúil.

## **Suíomh Gréasáin nua an Oireachtais agus Cláir Rannpháirtíochta don Phobal**

### ***Suíomh Idirlín Nua an Oireachtais***

Ní fada eile go seolfar an suíomh gréasáin nua. Go dtí seo, rinneadh aistriúchán ar bheagnach ceathrú milliún focal d’ábhar statach ar an suíomh. Tá sé sin go léir ar fáil go dátheangach faoi láthair ar an suíomh gréasáin nua, agus is ionann sin agus 99.87% den téacs statach uile ar an suíomh gréasáin. Beidh 300 focal eile a bheidh comhtháite i gcomhábhar feidhmiúil an tsuímh (amhail roghchláir anuas) ar fáil go dátheangach laistigh de cheithre seachtaine. Tá nós imeachta nua curtha ar bun chun aistriúchán leanúnach a dhéanamh ar théacs statach nua nó uasdátaithe ar an suíomh gréasáin.

### ***Cláir Chomórtha do 2018 agus 2019***

- Tá an póstaer, an bileoigín agus an leabhrán le haghaidh Chomóradh 2018 ar fad ar fáil go dátheangach. Tá an t-ábhar ar fad ar an suíomh gréasáin ar fáil go dátheangach freisin.
- Déanfar an t-ábhar clóite agus an t-ábhar digiteach ar fad a bhainfidh leis an gclár *Vótáil 100* a tháirgeadh go dátheangach. Áirítear air sin comharthaí, cláir imeachtaí, bileoigín gearr faoi Chearta Vótála do Mhná, leabhrán staire níos faide faoin gcomhthéacs agus faoin tionchar a bhain le Cearta Vótála do Mhná, póstaer oideachais agus an chumarsáid a dhéanaimid ar na meáin thraidisiúnta agus ar na meáin shóisialta.
- 6 Márta 2018: Seachtain na Gaeilge – Tionólfaidh Teach Laighean agus Teilifís an Oireachtais léacht Ghaeilge le Máire Geoghegan-Quinn chun comóradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge agus ar thábhacht ár dTeanga Náisiúnta in obair an Oireachtais.
- 17 Aibreán 2018: Díospóireacht na nÓg i Seanad Éireann – Tionólfar Díospóireacht na nÓg i Seanad Éireann, agus beidh deis ag na hiarratasóirí sin ar éirigh leo, as gach cearn den tír, caint i Seomra an tSeanaid ar réimse

leathan ábhar. Tá duine de na hiarratasóirí ar éirigh leo tar éis a rá go nglacfaidh sí páirt trí Ghaeilge.

- Samhradh 2018: I gcomhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, cuirfear taispeántas ar siúl i dTithe an Oireachtais ina mbeidh déantáin, íomhánna agus *ephemera* lena ndéanfar ceiliúradh ar obair ghluaiseacht na sufraigéidí, ar thábhacht an *Representation for the People Act 1918* agus ar an tionchar a bhí aige sin ar shochaí an lae inniu. Is comharthaí dátheangacha a bheidh ag gabháil leis na taispeántais ar fad.
- Glacfar an cur chuige céanna ó thaobh Chlár Chothrom Chéad Bliain 2019 freisin, cé go bhfuil na mionsonraí beachta lena aghaidh sin le comhaontú fós.
- Agus sinn ag beartú dár gcláir le haghaidh 2018 agus 2019, tugadh faoi deara ag gach leibhéal gur chóir go mbeadh ár dTeanga Náisiúnta go mór chun tosaigh agus sinn ag plé leis an bpobal.

## **Oideachas**

Seo a leanas na gnéithe iomchuí den Chlár Oideachais.

- Aistrefar na pleananna ceachta go Gaeilge chun go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid i scoileanna.
- Seolfar na pleananna sin mar chuid de phacáiste le linn Sheachtain na Gaeilge.
- Lá Eorpach na dTeangacha (an 26 Meán Fómhair 2018), eiseofar leathanach foclóra ar a mbeidh aistriúcháin ar fhrásaí a úsáidtear go minic san Oireachtas.
- I rith 2018, mar chuid de Bhliain na Gaeilge, seolfar acmhainní éagsúla lena n-úsáid i seomraí ranga chun infheictheacht, líofacht agus tuiscint ar an ról a bhíonn ag an nGaeilge in obair an Oireachtais a chur chun cinn.
- Tá an tOifigeach Oideachais líofa sa Ghaeilge agus is féidir leis an oifigeach sin plé le grúpaí scoile as Gaeilge.

## **Acmhainn Rannóg an Aistriúcháin**

Ba mhaith liom uasdátú a thabhairt don Choiste maidir le forbairtí a bhaineann le hobair Rannóg an Aistriúcháin. Cuireann an Rannóg seirbhísí tacaíochta rithábhachtacha ar fáil don Choimisiún agus é ag comhlíonadh a chuid dualgas reachtúil i leith na Gaeilge agus tacaíonn sí maidir le gnó na dTithe agus na gCoistí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Ar nós gach eagraíochta státseirbhíse, bhí an Coimisiún faoi cheangal ag an

moratóir ar earcaíocht idir 2009 agus 2014. Le tamall anuas agus an téarnamh geilleagrach ann, táimid ag díriú aird arís ar acmhainní na Rannóige. Sa bhliain 2016, cuireadh leis an acmhainn eagarthóireachta sa Rannóg trí thrí phost nua a chruthú agus trí fholúntas a bhí ann le fada a líonadh. Sa bhliain 2017, cuireadh leis an acmhainn riaracháin trí dhá phost nua (Cléireach Sóisearach agus Oifigeach Cléireachais) a chruthú.

Is gá na bogearraí atá á n-úsáid sa Rannóg a uasghrádú agus tá bogearraí aistriúcháin nua againn anois atá á suiteáil ar bhonn céimneach faoi láthair. Nuair a bheidh an córas ag feidhmiú ina iomláine, beidh an Rannóg ar comhchéim leis na hInstitiúidí Eorpacha, mar shampla, ó thaobh tacaíocht teicneolaíochta de. Cuideoidh an córas leis an Rannóg sreabhadh na hoibre a bhainistiú, cinnteofar go mbeidh comhréireacht téarmaíochta agus stíle ann, cruthófar cuimhne aistriúcháin ar bhonn leanúnach agus beifear in ann an t-aschur a rianú go leanúnach agus an táirgiúlacht a mheasúnú.

Ar leibhéal níos bunúsaí, coimisiúnaíodh “Athbhreithniú Acmhainne agus Cultúir san Áit Oibre” agus tá an t-athbhreithniú sin ar siúl faoi láthair. San athbhreithniú sin, tabharfar tátail agus moltaí maidir leis na leibhéil chuí aschuir, maidir leis an líon foime, maidir leis an struchtúr oibre agus maidir leis na próisis bainistithe athruithe is gá a bheith ann chun tacú le timpeallacht dhearfach oibre sa Rannóg, i gcomhréir le leas a bhaint as teicneolaíocht nua-aimseartha agus le Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí atá i bhfeidhm. Beidh plean forghníomhaithe mar chuid den Athbhreithniú agus beidh sé sin mar ardtosaíocht sa chlár oibre againn i mbliana.

## **Buíochas**

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Choiste as an deis a chur ar fáil dom chun cur síos a dhéanamh ar na slite éagsúla ar a dtugann Seirbhís Thithe an Oireachtais aitheantas agus tacaíocht don phríomhtheanga oifigiúil agus sinn ag obair chun fónamh do Thithe an Oireachtais.